

Gaelscoil Bhrian Bóroimhe,  
Coill na nÚll,  
Sord,  
Co. Átha Cliath



Scoil Idírcheidmheach

Fón: 8902799

Faics: 8700044

U.R. 20095C

Suíomh Idirlín: [www.gsbb.ie](http://www.gsbb.ie)

Ríomhphost: [oifig@gsbb.ie](mailto:oifig@gsbb.ie)

## CÓD IOMPAIR 2011

**Réamhrá:** Forbraíodh an cód seo le hionadaithe ó phobal na scoile. Tá sé bunaithe ar na dea-chleachtais atá bunaithe sa scoil cheana féin agus ar na treoirlínte ón mBord Leasa Náisiúnta Oideachais maidir le Cód Iompair a Fhorbairt.

Is mian le pobal na scoile go mbeadh atmaisféar taitneamhach, sabháilte ar scoil inar féidir le daltaí a gcumas nadúrtha a thabhairt chun lántairbhe. Cabhraíonn *Cód Iompair* leis an atmaisféar sin a chruthú agus a chaomhnú. Séard atá sa doiciméad seo ná treoirlínte do chaighdeáin iompair agus na nósanna imeachta leis na caighdeáin seo a bhaint amach. Leagtar béim i gcónaí ar dhea-iompair ar scoil agus éilítear caighdeán ard ó na daltaí. Ní féidir leis an scoil ard chaighdeáin iompair a bhaint amach gan comhoibriú agus tacaíocht na ndaltaí, tuismitheoirí, múinteoirí, baill foirne eile, príomhoide, Bord Bainistíochta agus pátrún na scoile.

Ráiteas Misin na Scoile: ‘Is mian leis an scoil *oideachas lán-Ghaeilge den scoth* a sholáthar do dhaltaí na scoile, ina mbíonn *an páiste lárnach* agus á fhorbairt mar dhuine iomlán. Tugtar aitheantas faoi leith don *pháiste aonar* agus tabharfar *cothrom na Féinne* do gach páiste i gcónaí. Cothaítear féinmheas maraon le meas ar dhaoine is ar chultúr eile i gcónaí.’

Cabhraíonn comhoibriú bunaithe ar chomhmheas idir baill phobail uile na scoile le hatmaisféar sona a chruthú ar scoil. Braitheann an-chuid ar dhea-chaidrimh agus ar chaidreamh séimh idir gach éinne go bhfuil baint acu leis an dtimpeallacht foghlama.

Tá gach múinteoir freagrach as ard-chaighdeáin iompair a éileamh ina seomra ranga féin, ar mhaoirseacht chlóis, le linn imeachtaí scoile agus ó dhaltaí i gcoitinne i dtimpeallacht na scoile. Tá ról speisialta ag cúntóirí riachtanaisí speisialta maidir le h-iompar na ndaltaí faoina gcúram ag treorú agus ag diriú de réir mar is cuí.

Príomhoide: Séamus Seaghach

Príomhoide Tánaisteach: Orla Ní Chárthaigh

## **Na Caighdeáin Iompair:**

Tá rialacha órga a chuireann an scoil chun cinn chun cabhrú linn ard chaighdeáin iompair a bhaint amach:

- Tabhair aire do rudaí
- Bí ag obair
- Bí cineálta
- Gaeilge le chéile
- Éist le daoine
- Bí ionraic
- Bí séimh
- Bí béasach

Chomh maith leis na rialacha órga thuasluaite, bímid ag súil leis na luachanna seo a bhaint amach:

- meas ort féin agus a dhaoine eile
- cineáltas agus toilteanas cuidiú le daoine eile
- cúirtéis agus dea-bhéasaíocht
- cothroime
- a bheith ullamh bealai urraime a úsáid chun deacrachtaí agus coimhlint a réiteach
- maithiúnas
- do dhícheall a dhéanamh sa rang
- freastal ar scoil go rialta agus a bheith poncúil
- cloí leis na rialacha
- cabhrú le timpeallacht dhearfach shábháilte a chruthú
- meas a bheith acu ar dhaltaí eile agus a gcuid foghlama
- páirt iomlán a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile

**Níl an t-iompar seo a leanas inghlactha ar scoil ná le linn imeachtaí scoile:**

- (bulaíocht).
  - Aisfhreagraí agus dánacht.
  - Daoine eile a ardú den talamh/urlár nó a leagadh ar an talamh/urlár.
  - Rudaí a chaitheamh ag daoine eile.
  - Daoine eile a bhualadh.
  - Súgradh garbh, iomrascáil.
  - Caitheamh seile.

- Caint gháirsiúil.
- Ainmneacha a ghlaoch ar dhaoine eile.
- Lipéidí nó tagairtí maslacha a úsáid i leith daoine eile
- Cur isteach ar shealúchas dhaoine eile.
- Aon iompar eile nach dtacaíonn leis an bhfoghlaím sa rang.

(Spreagfar daltaí i gcónaí a insint don duine atá i gceannas orthu má chuirtear isteach orthu ag bealach ar bith thuasluaite.)

### **Cód Smachta:**

- Cuirfear an cód i bhfeidhm ar son an dalta féin, ar son na bpáistí eile is ar son leas na scoile.
- Díreofar ar an iompar agus déanfar an páiste a dheighilt ón iompar céanna. Is leis/léi an t-iompar go fóill. Ní cheart lipéidí diúltacha a úsáid.
- Labhrófar leis an bpáiste/páistí chomh príobháideach agus is féidir chun náire a sheachaint.
- Tabharfar deis don pháiste cuntas a thabhairt ar chéard a tharla. Cabhraigh leo teacht ar thuiscint ar an ngortú a bhí mar thoradh ar a gcuid iompair agus dea-iompar a mholadh ina ionaid.
- Is ceart cabhrú leis an bpáiste déileáil leis na mothúcháin ba chúis leis an drochiompar.
- Is ceart é/í a mholadh chomh luath is a thagann feabhas ar iompar an pháiste.

**Cóimeádfar cuntas scríofa ar mhí-iompar leanúnach agus ar eachtraí mhí-iompar tromchúiseacha.**

### **An Leabhar Iompair**

Bíonn leabhair Iompair (leabhar nóta) ag gach múinteoir agus coimeádann siad taifead ar mhion droch iompar rialta, mí-iompar tromchúiseach agus mí-iompar an-tromchúiseach. Má bhíonn taifead déanta ar dhroch-iompar pháiste faoi leith go rialta is fiú dea-iompar an pháiste sin a thaifead ina theannta sin.

Ag deireadh na bliana cuireann na múinteoirí na leabhair iompair ar aghaidh go dtí an oifig.

### **Am Órga** (*Tugann sé aitheantas do pháistí a leiríonn dea iompar*)

I ngach rang tá córas iompair ann. Ó Rang 1-6, tosaíonn na páistí an tseachtain ar 10 bpointe agus cailleann siad pointí as rialacha ranga a bhriseadh tar éis fógra a fháil ón múinteoir ranga. Má chailleann siad

pointí cailleann siad amach ar chuid den Am órga (Úsáidtear bealach eile chun miondroch iompar a bhainistiú sna ranganna náionáin.) Is é is am órga ann ná am faoi leith sa tseachtain nuair a fhaigheann na páistí deis imeachtaí go dtaitníonn leo a dhéanamh msh. Cluichí a imirt, péinteáil, féachaint ar fhíseáin srl.)

Déanann foireann na scoile tagairt rialta do dhea-iompar agus tugtar aitheantas agus moladh rialta don dea-iompar. Déantar aird a dhíriú ar na rialacha órga go rialta ag an Tionól agus bronntar corn na míosa gach mí ar an rang is fearr as dea-iompar a léiriú don mhí sin.

### **Córas Iompair sa Chlós**

I gcásanna mí-iompar leanúnach, mí-iompar tromchúiseach agus mí iompar an-tromchúiseach, ní mór don mhúinteoir atá i mbun maoirseachta an cás a thuairsiú don mhúinteoir ranga freisin. Ní mór don mhúinteoir ranga taifead a dhéanamh ar an gcás sa leabhar iompair.

### **Bulaíocht**

Tá polasaí ag an scoil maidir le bulaíocht idir daltaí agus maidir le ciapadh/gnéaschiapadh idir dhaoine fásta.

### **Mion Droch-iompar:**

- I gcás mionsárú rialach, fágfar an cúram sin faoin múinteoir ranga.
- I gcás mhí-iompar leanúnach, cuirfear nóta abhaile ag cur síos ar an iompar. Éileofar freagra ar an nóta seo. Labhróidh an múinteoir le tuismitheoirí más gá.
- Má leanann an droch-iompar ar aghaidh déanfar plean ceartúcháin baile/scoile a phlé. Déanfar athbhreithniú rialta ar an bplean seo.

### **Mí-iompar tromchúiseach:**

- Cuirfear nóta abhaile, ag cur síos ar an droch-iompar. Éileofar freagra ó tuismitheoirí. Beidh orthu bualadh leis an múinteoir ranga nó leis an bpríomhoide mas gá. I gcásanna áirithe, seolfar an dalta go rang eile le cead an phríomhoide, más iompar é nach ligeann don rang leanúint ar aghaidh ag foghlaim. Más iompar dáinséarach é, cuirfear an príomhoide ar an eolas faoi láithreach.
- Má leanann an droch-iompar ar aghaidh, cuirfear nóta eile abhaile ag iarraidh ar tuismitheoirí teacht chun na scoile chun bualadh leis an bpríomhoide. Déanfar plean scoile/baile a chur i bhfeidhm. Déanfar athbhreithnú rialta ar an bplean seo.

- Má bhíonn trí eachtra droch-iompar tromchúiseach le sonrú in aon téarma amháin, iarrfar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí an cheist a phlé leis an bPríomhoide is le Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.
- Má fheiceann an Príomhoide go bhfuil gá le páiste a chur ar fionraí ón scoil, caithfear cead a fháil ón mBord Bainistíochta. Má thagann an cead sin:-

\*Cuirfidh an Príomhoide an scéal in iúl do thuismitheoirí láithreach.

\*Ag deireadh na tréimhse caithfidh tuismitheoir teacht ar scoil leis an bpáiste chun gealltanais a thabhairt go mbeidh caighdeán iompair i bhfad níos fearr le sonrú.

\*Ní rachaidh an chéad tréimhse thar 1 lá, an dara ceann thar 2 lá srl., ach amháin sa chás go mbíonn gá le tréimhse níos faide. (Rialacha do Scoileanna Náisiúnta-R.130(5).)

### **Mí-iompar an-tromchúiseach:**

- Sa chás go mbíonn mí-iompar pháiste fíor thromchúiseach, agus nach féidir leis an múinteoir ranga é a láimhseáil, d'fhéadfadh an Príomhoide dul i dteagmháil le tuismitheoirí chun an páiste a bhaint den scoil láithreach, agus cead an Bhoird a fháil an páiste a chur ar fionraí ón lá sin.
- Má tharlaíonn a leithéid, cuirfear fios ar na tuismitheoirí láithreach agus pléifear an scéal leis an bPríomhoide agus leis an gCathaoirleach.
- Sa chás nach mbíonn múinteoirí ná tuismitheoirí/caomhnóirí in ann déileáil ar bhealach sásuil le hiompar go bhfuil pátrún diúltach le sonrú air, is cóir comhairle a lorg ó 'shaineolaithe'.
- Dá dtarlódh sé riamh go raibh ar an scoil páiste a dhíbirt, bheadh gá le cead an Phátrúin sa chás sin.

## **Tuairiscí Asláthaireachta**

### **Asláithreachtaí**

Caithfidh tuistí/caomhnóirí glaoch nó ríomhphost a sheoladh ar scoil chun a chur in iúl go mbeidh dalta as láthair.

Iarrtar ar gach scoil eolas a sheoladh isteach maidir le hasláithreachtaí daltaí ar leith, ar bhonn rialta i rith na scoilbhliana ar spriocdhátaí ainmnithe.

Tá sé de dhualgas orainn mar scoil tuairisc a chur ar fáil don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais i gcás ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:

- nuair a dhíbrítear dalta ón scoil
- nuair a bhíonn dalta 6 lá ar fionraí ón soil, ar bhonn carnach
- nuair a bhíonn dalta 20 lá as láthair ón scoil, ar bhonn carnach
- má tá inní ar an bPríomhoide faoi thinreamh dalta
- nuair atáthar chun ainm dalta a bhaint de rolla na scoile, ar cibé cúis

Ní mór do gach múinteoir ainm aon pháiste a bhíonn as láthair ón scoil ar feadh 20 lá a chur ar aghaidh chuig an oifig. Cuirtear foirm chuig na múinteoirí roimh gach sprioc dáta chun na hainmneacha seo a bhailiú chomh maith.

Ainm teagmhála maidir le cúrsaí iompair: Séamus Seaghach (Príomhoide)